| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - am, fad, meastachán<br>Uimhreas - oibríochtaí, deachúlacha, céatadáin, airgead<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | clár ama, uaireanta, bomaití, fad, ciliméadair, luach, costas, imigh, tar, lacáiste, airgead, coigilteas, fad an turais |
| **Áiseanna** | peann luaidhe, páipéar, rochtain idirlín, bróisiúir taistil, áireamhán |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Is grúpghníomhaíocht í seo ina bpleanálann daltaí turas scoile chuig cathair, ina ndéanann siad taighde ar thaisteal, gníomhaíochtaí, lóistín, costas agus amanna. Ní mór do gach grúpa taighde a dhéanamh ar chathair dhifriúil agus moladh dá dturas scoile a chur i láthair don chuid eile den rang. Ní mór dóibh fáthanna a thabhairt a mhíníonn a rogha áite do thuras scoile.

### 1 Gníomhaíocht 1

Turas scoile in úsáid acu mar chomhthéacs don ghníomhaíocht seo, pleanálann daltaí turas óna suíomh chuig cathair in Éirinn, mar shampla Baile Átha Cliath, Gaillimh, Corcaigh. Ní mór dóibh an modh iompair is fóirsteanaí a shocrú agus na rudaí seo a chur san áireamh:

- Líon na ndaltaí atá ag taisteal
- Amanna imeachta agus sroichte
- Fad an turais
- Costas
- Compord agus áiseanna

Thig le daltaí modhanna difriúla iompair agus soláthraithe difriúla a chur i gcomparáid, agus machnamh á dhéanamh acu ar na cúinsí thuas.

### 2 Gníomhaíocht 2

I ndiaidh dóibh cinneadh a dhéanamh ar an mhodh taistil is fóirsteanaí, iarr ar na daltaí pleanáil a dhéanamh maidir leis na rudaí a dhéanfaidh agus a fheicfidh siad sa chathair roghnaithe. Dáil buiséad don ghníomhaíocht seo agus spreag na daltaí leis na cúinsí a leanas a phlé:

- Nithe is díol spéise sa chathair
- Luach oideachasúil
- Luach ar airgead, rátaí ar lacáiste
- Lóistín
- Bia agus deochanna
- Taisteal taobh istigh den chathair
- Am

### 3 Gníomhaíocht 3

Cuireann gach grúpa a moladh i láthair don chuid eile den rang, na sonraí ón taighde déanta i nGníomhaíochtaí 1 agus 2 san áireamh. I ndiaidh do na daltaí na moltaí uilig a chloisteáil, vótálann siad ar son na cathrach is fearr leo.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá fhad a mhaireann an turas ar Bhus X nó ar Thraein Y?<br>• Cé acu comhlacht is costasaí/saoire?<br>• Le bheith i gCathair X faoi ____ a chlog, cé acu bus/traein a bheadh ort a thógáil?<br>• An dtig leat a thaispeáint dom cén t-am a bhfágann an bus/traein i bhformáid analógach/dhigiteach 24 uair?<br>• Cad é an costas iomlán de Ghníomhaíocht X agus de Ghníomhaíocht Y?<br>• Cá fhad atá sé ó do scoil go _____?<br>• Cá mhéad ciliméadar a thaistil tú san iomlán faoi dheireadh do thurais? | • Cad é mar a shocraigh tú ar do mhodh iompair?<br>• Cad é mar a roghnaigh tú na gníomhaíochtaí a bhfuil spéis agat iontu?<br>• Cad é mar a thig leat a léiriú go bhfuil luach ar airgead ar do chuid roghanna?<br>• Dá mba rud é go ndearna tú an ghníomhaíocht seo arís, cad a dhéanfá ar dhóigh dhifriúil? Cad iad na cúinsí eile a chuirfeá san áireamh?<br>• Cé acu turas scoile is fearr, dar leat? Cad chuige? |

## Difreáil

Socraigh comhthéacs de réir shuim agus/nó thuiscint na ndaltaí. Mar shampla, thiocfadh leis na daltaí turas chuig tír eile nó chuig áit níos cóngaraí a phleanáil, de réir mar is cuí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.